# ÓGRAS
**(CUIDEACHTA FAOI THEORAINN RÁTHAÍOCHTA GAN SCAIRCHAIPITEAL)**

**6 SRÁID FHEARCHAIR**

**BAILE ÁTHA CLIATH D02 VH98**

# RÁITIS AIRGEADAIS

**DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2024**

**ÓGRAS**
**(CUIDEACHTA FAOI THEORAINN RÁTHAÍOCHTA GAN SCAIRCHAIPITEAL)**

| **CLÁR** | **LEATHANACH** |
|---|---|
| EOLAS | 3 |
| TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ | 4/7 |
| RÁITEAS AR FHREAGRACHTAÍ STIÚRTHÓIRÍ | 8 |
| DEARBHÚ STIÚRTHÓIRÍ | 9 |
| TUARASCÁIL NA nINIÚCHÓIRÍ | 10/15 |
| CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS | 16 |
| CLÁR COMHARDAITHE | 17 |
| NÓTAI AR NA RÁITIS AIRGEADAIS | 18/21 |

# ÓGRAS
## (CUIDEACHTA FAOI THEORAINN RÁTHAÍOCHTA GAN SCAIRCHAIPITEAL)

## EOLAS

| | |
|---|---|
| Stiúrthóirí: | Anita Nic Amhlaoidh, Cathaoirleach<br>Micheál Ó Catháin, Rúnaí<br>Michaeline Donnelly, Cisteoir<br>Aisling Ní Mhuilleoir,<br>Brian Mac Suibhne<br>Ríoghan Daibhís<br>Paula Melvin<br>Caitríona Uí Chonchúir (ón 24 Feabhra 2024)<br>Micheál Ó Cadhain (ón 21 Márta 2024)<br>Tomás de Buitléir (ón 21 Márta 2024)<br>Hannah Ní Chléirigh (go dtí an 21 Bealtaine 2024)<br>Seán Antón Ó Conalláin(go dtí an 21 Bealtaine 2024) |
| Rúnaí: | Micheál Ó Catháin |
| Oifig Chláraithe: | 6 Sráid Fhearchair<br>Baile Átha Cliath D02 VH98 |
| Uimhir Chláraithe: | 638154 |
| Uimhir Charthanach ó na Coimisinéirí Ioncaim: | CHY22409 |
| Uimhir an Rialálaí Carthanas: | 20204025 |
| Stádas Dlíthiúil: | Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta gan Scairchaipiteal |
| Baincéir: | Bainc Aontais Éireann cpt<br>100/101 Sráid Grafton<br>Baile Átha Cliath D02 N671 |
| Iniúchóirí: | Bluett Byrne Limited<br>Cuntasóirí Cairte<br>Comhlacht Reachtúil Iniúchóireachta<br>52 Plás Shéamais Thoir<br>Baile Átha Cliath D02 R868 |

**ÓGRAS**
**(CUIDEACHTA FAOI THEORAINN RÁTHAÍOCHTA GAN SCAIRCHAIPITEAL)**

## TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ

## DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2024

Cuireann na stiúrthóirí na ráitis airgeadais iniúchta agus a dtuarascáil don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024 ar fáil.

### PRÍOMHGHNÍOMHAÍOCHTAÍ

**Cuspóirí agus Gníomhaíochtaí**
Is eagraíocht óige náisiúnta é Ógras a chuireann seirbhís clubanna óige ar fáil ar fud na hÉireann agus atá cláraithe mar charthanas de réir an Acht Carthanas 2009. Tá sé mar fhís ag Ógras go mbeadh Éire ina tír a thabharfadh tacaíocht do dhaoine óga barr a gcumais a bhaint amach, ag cruthú deiseanna le Gaeilge a labhairt agus ag baint spraoi aisti. Is é misean na heagraíochta ná suímh a chur ar fáil a thugann misneach do dhaoine óga páirt ghníomhach a thógáil i bpobal spraíúil, comhaimseartha labhartha na Gaeilge.

Agus clár oibre don aos óg atá spleodrach, éagsúil agus pleanáilte a chur ar fáil trí Ghaeilge a spreagann machnamh cruthaitheach, neartú muiníne agus forbairt shóisialta.

**Mórghníomhartha**
I rith na bliana 2024 cuireadh go leor béim ar thionscadail éagsúla a chur ar siúl a bhí dírithe ar dhaoine a spreagadh le bheith ina ghníomhairí teanga agus ina ghníomhairí aeráide. Le roinnt blianta anuas tá sé mar sprioc ag Ógras ceartas aeráide agus cosaint na timpeallachta a chomhtháthú i ngach gné d’ár gcuid oibre. Le linn saoire an tsamhraidh bhí grúpa de dhaoine óga ag taifead fiseán faisnéise faoin Sprioc Domhanda um Fhorbairt Inbhuanaithe – Tairgíocht agus Tomhaltas Freagrach. Beidh an físeán a sheoladh le linn an Chruinniú Chinnbhliana.

Leis an tionscadal Todhchaí Gael Gaelach i gcomhpháirt le Comhairlí Cathrach Átha Cliath d’éirigh linn obair fhiúntach a déanamh le grúpa daoine óga mórtimpeall na príomhchathrach agus iad ag forbairt tograí le deiseanna breis a chur ar fáil do dhaoine eile ina gceantracha féin an Ghaeilge a úsáid go sóisialta.

D’éirigh leis an eagraíocht maoiniú a aimsiú faoin Scéim deontas Erasmus+ agus cuireadh Cúrsa Traenála Idirnáisiúnta do cheannairí ar siúl thar 8 lá i Mí na Samhna 2024.

**Clubanna agus Gníomhaíochtaí**
Mar a dhéantar gach bliain cuireadh clár leathan d’imeachtaí, ceardlanna, traenáil agus turais ar siúl fud fad na tíre an bhliain seo caite. Trí pháirt a ghlacadh sna himeachtaí agus clubanna eagsúla fuair na baill deiseanna scileanna nua a fhorbairt, an Ghaeilge a labairt go sóisalta, agus a gcuid scileanna pearsanta agus sóisialta a fhorbairt agus a chleachtadh.

**Traenáil & Oiliúint**
Soláthraíodh an Cúrsa Cosaint Páistí trí huaire i rith na bliana agus ina theannta sin cuireadh cúrsaí oiliúna ar fáil do cheannairí ar-líne agus go háitiúil timpeall na tíre. D'fhreastal baill foirne ar cúrsaí oiliuna faoin timpeallacht, obair óige agus meabharshláinte.

**Ceannairí agus Daoine Deonacha**
Tá Ógras fíor bhuíoch do na ceannairí agus daoine deonacha ar fad a thugann cabhair agus tacaíocht don eagraíocht i rith na bliana sna Clubanna, ag na hImeachtaí – sa bhaile agus thar lear, ar thurais agus ar an Bhord Stiúrtha

**TORTHAÍ NA BLIANA AGUS STAID CÚRSAÍ AR AN 31 NOLLAIG 2024**

Tá an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais agus an Clár Comhardaithe don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024 ar leathanaigh 16 go 21. Tá an toradh ó ghnáthghníomhaíochtaí roimh cháin le léamh sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais ar leathanach 16. Tá staid chúrsaí na cuideachta léirithe ar an gClár Comhardaithe ar leathanach 17.

**STIÚRTHÓIRÍ**

| **Ainm** | **Ról** | **Dáta Tosnaithe** |
|---|---|---|
| Anita Nic Amhlaoidh | Cathaoirleach | CCB 29 Samhain 2019 |
| Micheál Ó Catháin | Rúnaí | CCB 25 Bealtaine 2021 |
| Michaeline Donnelly | Cisteoir | CCB 25 Bealtaine 2021 |
| Brian Mac Suibhne | Ceannaire Óg-Ógras | CCB 29 Samhain 2019 |
| Ríoghan Daibhís | Ceannaire Ógras | CCB 29 Samhain 2019 |
| Paula Melvin/Julian de Spáinn | Uachtarán Chonradh na Gaeilge/nó a hionadaí | 3 Iúil 2020 |
| Micheál Ó Cadhain | Ball | 21 Márta 2024 |
| Caitríona Ní Chonnaire | Conradh na Gaeilge | 21 Bealtaine 2024 |
| Aisling Ní Mhuilleoir | Ball | CCB 29 Samhain 2019 |
| Tomás de Buitléir | Ceannaire Óg-Ógras | CCB 21 Márta 2024 - 26 Eanáir 2025 |
| Seán Antón Ó Conalláin | Conradh na Gaeilge | 17 Eanáir 2023 - 21 Bealtaine 2024 |

## STIÚRTHÓIRÍ (ar leanúint)

De réir Bhunreacht na cuideachta éiríonn Brian Mac Suibhne agus Ríoghan Daibhís as an mBord agus, iad a bheith inainmnithe, cuireann siad iad féin ar fáil le bheith atofa.

De réir Bhunreacht na cuideachta éiríonn Paula Melvin agus Michaeline Donnelly as an mBord agus, iad a bheith inainmnithe, cuireann siad iad féin ar fáil le bheith atofa.

Gníomhaíonn na stiúrthóirí go léir ar bhonn deonach.

Toisc gurb cuideachta faoi theorainn ráthaíochta gan scairchaipiteal í an chuideachta seo níl leasanna scaireanna sa chuideachta ag na stiúrthóirí ná ag an rúnaí.

## IMEACHTAÍ TÁBHACHTACHA Ó DHEIREADH NA BLIANA

Ní raibh aon imeachtaí tábhachtacha a bhaineann leis an gcuideachta ó dheireadh na bliana.

## FORBAIRTÍ AMACH ANSEO SA GHNÓTHAS

Leanfaidh an chuideachta ag forbairt a cuid gníomhaíochtaí sa bhliain seo chugainn.

## TAIFID CHUNTASAÍOCHTA

Is iad na céimeanna a ghlacann na stiúrthóirí chun slánú a dhéanamh de go bhfuil coinníollacha Alt 281 go 285 de Acht na gCuideachtaí 2014 maidir le taifid chuntasaíochta leordhóthanacha a choimeád á gcomhlíonadh ná: na polasaithe agus na nósmhaireachtaí riachtanacha a fheidhmiú chun idirbhearta a chlárú; foireann chuntasaíochta chumasach, le taithí oiriúnach, a fhostú; agus dóthain acmhainní a sholáthar chun chúram a dhéanamh de na taifid chuntasaíochta. Coimeádtar na taifid chuntasaíochta ag oifig chláraithe na cuideachta.

**ÓGRAS**
**(CUIDEACHTA FAOI THEORAINN RÁTHAÍOCHTA GAN SCAIRCHAIPITEAL)**

**TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ**

**DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2024**
**(ar leanúint)**

**INIÚCHÓIRÍ**

Chuir Bluett Byrne, Cuntasóirí Cairte agus Comhlacht Reachtúil Iniúchóireachta, in iúl go bhfuil siad toilteanach leanúint in oifig de réir Alt 383(2), Acht na gCuideachtaí 2014.

De réir Alt 330 d'Acht na gCuideachtaí 2014 agus a mhéid is eol do na stiúrthóirí, níl aon fhaisnéis a bhaineann leis an iniúchadh nach bhfuil a fhios ag na hIniúchóirí Reachtúla agus tá na céimeanna glactha ag na stiúrthóirí chun iad féin a chur ar an eolas faoi aon ábhartha faisnéis iniúchta agus a chinntiú go gcuirtear na hIniúchóirí Reachtúla ar an eolas faoi aon fhaisnéis den sórt sin.
Ar son na stiúrthóirí

**ANITA NIC AMHLAOIDH**

**MICHEÁL Ó CATHÁIN**

Stiúrthóirí
20 Márta 2025

# ÓGRAS
## (CUIDEACHTA FAOI THEORAINN RÁTHAÍOCHTA GAN SCAIRCHAIPITEAL)
## BLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2024
## RÁITEAS AR FHREAGRACHTAÍ STIÚRTHÓIRÍ

Tá na stiúrthóirí freagrach as tuarascáil na stiúrthóirí agus na ráitis airgeadais a ullmhú de réir dhlíthe agus rialachán oiriúnacha.

De réir dlí cuideachta tá iallach ar na stiúrthóirí ráitis airgeadais a ullmhú i gcomhair gach bliana airgeadais. De réir an dlí roghnaigh na stiúrthóirí na ráitis airgeadais a ullmhú de réir Acht na gCuideachtaí 2014 agus an Chaighdeáin um Thuairisciú Airgeadais 102 - Alt 1A agus bhain siad leas as an díolúine i gCTA102 - Alt 1A ón gceanglais chun ráiteas sreabhadh airgid a ullmhú toisc go bhfuil an chuideachta rangaithe mar chuideachta bheag. De réir dlí cuideachtaí ní foláir do na stiúrthóirí gan ráitis airgeadais a fhaomhadh mura bhfuil siad sásta go dtugann siad léargas fíor cothrom ar shócmhainní, dhliteanais agus stádas airgeadais na cuideachta amhail ar dháta dheireadh bliana airgeadais agus ar bhrabús nó caillteanas na cuideachta don bhliain airgeadais agus go ngéilleann siad ar gach dóigh eile do Acht na gCuideachtaí 2014.

Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú acu ní foláir do na stiúrthóirí:

- polasaithe cuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus ansin iad a chur i bhfeidhm go leanúnach,

- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama,

- a rá ar ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir chaighdeán cuntasaíochta is infheidhme, na caighdeáin sin a aithint agus tionchar agus cúiseanna imeachta ábhartha ó na caighdeáin sin a nótáil, agus

- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh ach amháin sa chás go bhfuil sé mí-oiriúnach a cheapadh go leanfaidh an chuideachta i mbun gnó.

Tá na stiúrthóirí freagrach as a áirithiú go gcoimeádann an chuideachta nó go gcoinníonn an chuideachta ar coimeád taifid chuí chuntasaíochta a mhíníonn agus a chláraíonn mar is ceart idirbhearta na cuideachta, a chuireann ar a gcumas am ar bith sócmhainní, dliteanais, stádas airgeadais agus brabús agus caillteanas na cuideachta a aimsiú le cruinneas réasúnta, a chuireann ar a gcumas a áirithiú go gcloíonn na ráitis airgeadais agus tuarascáil na stiúrthóirí le hAcht na gCuideachtaí 2014. Tá siad freagrach freisin as sócmhainní na cuideachta a chosaint agus dá réir sin as céimeanna réasúnta a ghlacadh chun calaois agus gnóthaí cama eile a chosc agus a aimsiú.

Ar son na stiúrthóirí
**ANITA NIC AMHLAOIDH**

**MICHEÁL Ó CATHÁIN**
Stiúrthóirí
20 Márta 2025

**ÓGRAS**
**(CUIDEACHTA FAOI THEORAINN RÁTHAÍOCHTA GAN SCAIRCHAIPITEAL)**

**BLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2024**

## DEARBHÚ STIÚRTHÓIRÍ

Tá na ráitis airgeadais ar leathanaigh 16 go 21 á bhfaomhadh ag an stiúrthóirí agus deimhníonn siad go bhfuil siad freagrach astu, roghnú polasaithe cuntasaíochta cuí san áireamh, iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach agus na breithiúnais thacaíochta a dhéanamh ar bhunús réasúnta agus stuama. Ullmhaíodh iad ar bhunús gnóthais leantaigh ar an mbonn go leanfaidh an chuideachta i mbun gnó.

Deimhníonn na stiúrthóirí gur chuir siad taifid chuntasaíochta uile na cuideachta ar fáil don iniúchóir agus tugadh dó an fhaisnéis go léir atá riachtanach chun na ráitis airgeadais a ullmhú.

Deimhníonn na stiúrthóirí, chomh fada agus is eol dóibh agus a chreideann siad, go léiríonn na ráitis airgeadais idirbhearta uile na cuideachta don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024.

Ar son na stiúrthóirí

**ANITA NIC AMHLAOIDH**

**MICHEÁL Ó CATHÁIN**
Stiúrthóirí
20 Márta 2025

**ÓGRAS**
**(CUIDEACHTA FAOI THEORAINN RÁTHAÍOCHTA GAN SCAIRCHAIPITEAL)**

**BLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2024**

**TUARASCÁIL NA nINIÚCHÓIRÍ NEAMHSPLEÁCHA DO NA COMHALTAÍ**

## Tuarascáil ar an iniúchadh ar na ráitis airgeadais

### Tuairim

Tá iniúchadh déanta againn ar na ráitis airgeadais do ÓGRAS (“an Chuideachta”) don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024 ar leathanaigh 16 go 21 ar a n-áirítear an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Clár Comhardaithe agus nótaí ar na ráitis airgeadais ar a n-áirítear achoimre ar na polasaithe suntasacha cuntasaíochta mar atá leagtha amach i Nóta 1. Is é an creat tuairiscíochta airgeadais a cuireadh i bhfeidhm agus iad á n-ullmhú ná dlí na hÉireann agus Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais 102 - Alt 1A infheidhme in Éirinn arna eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais.

### Tuairimí agus conclúidí ag eascairt as ár n-iniúchadh

I dtaca leis na ráitis airgeadais, inár dtuairim

- tugann siad léargas fíor cothrom ar na sócmhainní, na dliteanais agus ar staid airgeadais na Cuideachta ar an 31 Nollaig 2024 agus ar a toradh don bhliain a críochnaigh ansin;
- ullmhaíodh iad mar is cuí faoi réir Chaighdeán Tuairiscíochta Airgeadais 102 – Alt 1A an Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais infheidhme in Éirinn; agus
- ullmhaíodh iad mar is cuí faoi réir cheangaltais Acht na Cuideachtaí 2014.

### Bunús na Tuairime

Stiúraíomar ár n-iniúchadh faoi réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (Éire) {CII (Éire)} agus an dlí atá i bhfeidhm. Tá cur síos breise ar ár bhfreagrachtaí faoi réir na gcaighdeán seo thíos (sa chuid dár dtuarascáil dar teideal *Freagrachtaí an iniúchóra as iniúchadh a dhéanamh ar an ráitis airgeadais)*. Táimid neamhspleách ar an gCuideachta faoi réir na gceangaltas eiticiúla a bhaineann lenár n-iniúchadh ar ráitis airgeadais in Éirinn, ar a n-áirítear Caighdeáin Eiticiúla d’Iniúchóirí in Éirinn, a d’eisigh Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann (ÚMICÉ) agus chomhlíonamar ár gcuid dualgas eiticiúla eile faoi réir na gceangaltas seo [ar a n-áirítear Alt 6 den Chaighdeán Eiticiúil – Forálacha ar fáil d’Aonáin Bheaga (FafAB) (2017) faoi réir na gcúinsí atá leagtha amach i Nóta 9 ar na ráitis airgeadais].

Creidimid go bhfuil an fhianaise iniúchóireachta a fuaireamar dóthanach agus cuí le go mbeadh bunús lenár dtuairim.

## TUARASCÁIL NA nINIÚCHÓIRÍ NEAMHSPLEÁCHA DO NA COMHALTAÍ (ar leanúint)

### *Tátail a bhaineann le gnóthas leantach*

Agus na ráitis airgeadais á n-iniúchadh thángamar ar an gconclúid gur iomchuí úsáid na stiúrthóirí ar bhonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú.

Bunaithe ar an obair atá déanta againn níor shainaithin muid aon éiginnteachtaí ábhartha a bhaineann le himeachtaí nó coinneálacha a d'fhéadfadh amhras suntasach a chaitheamh, ina n-aonar nó i dteannta a chéile, ar chumas na cuideachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach ar feadh tréimhse dhá mhí dhéag ar a laghad ón dáta nuair a údaraítear na ráitis airgeadais lena n-eisiúint.

Déantar cur síos ar ár gcuid freagrachtaí agus freagrachtaí na stiúrthóirí maidir le gnóthas leantach sna codanna ábhartha den tuarascáil seo.

### *Eolas Eile*

Tá na stiúrthóirí freagrach as an eolas eile. Cuimsíonn an t-eolas eile an t-eolas úd atá sa tuarascáil bhliantúil cé is moite de na ráitis airgeadais agus dár tuarascáil orthusan. Ní chlúdaíonn ár dtuairim ar na ráitis airgeadais an t-eolas breise agus, seachas an méid atá ráite go sonrach inár dtuarascáil, ní thugaimid aon tátal dearbhaithe orthusan.

I dtaca lenár n-iniúchadh ar na ráitis airgeadais, tá freagracht orainn an t-eolas breise a léamh agus, é sin á dhéanamh againn, cíoradh a dhéanamh féachaint an bhfuil an t-eolas eile neamhréireach go bunúsach leis na ráitis airgeadais nó le heolas ar thángamar air agus muid i mbun an iniúchta, nó a fheictear dúinn a bheith míshonraithe go hábhartha ar aon dóigh eile. Má thagaimid ar aon neamhréireacht ábhartha nó aon mhíráiteas follasach tá dualgas orainn a chinneadh cé acu an bhfuil, nó nach bhfuil, aon mhíráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais nó aon mhíráiteas ábhartha san eolas eile. Má thagaimid ar an dtuairim, agus an tuairim bunaithe ar an obair atá déanta againn, go bhfuil míráiteas ann san eolas breise, tá dualgas orainn é sin a thuairisciú.

Níl aon ní le tuairisciú againn i dtaca leis seo.

**TUARASCÁIL NA nINIÚCHÓIRÍ NEAMHSPLEÁCHA DO NA COMHALTAÍ (ar leanúint)**

***Tuairimí faoi nithe eile atá leagtha síos in Acht na gCuideachtaí 2014***

Inár dtuairim bunaithe ar an obair a rinneamar agus muid i mbun an iniúchta, agus air sin amháin, tuairiscímid:

- go bhfuil an t-eolas uile atá tugtha i dtuarascáil na stiúrthóirí don bhliain airgeadais a n-ullmhaítear na ráitis airgeadais ina leith ag teacht leis na ráitis airgeadais; agus
- gur ullmhaíodh tuarascáil na stiúrthóirí faoi réir ceanglais dhlíthiúla is infheidhme.

Fuaireamar gach eolas agus gach míniú, chomh fada agus is eol dúinn agus as ár gcreideamh, a mheasaim a bheith riachtanach chun críche ár n-iniúchta.

Is í ár dtuairim go raibh taifid chuntasaíochta na Cuideachta dóthanach le go bhféadfaí na ráitis airgeadais a iniúchadh go héasca agus mar is cuí agus go bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

***Ábhair a bhfuil dualgas orainn a thuairisciú mar eisceacht***

Agus é bunaithe ar an eolas is ar an tuiscint a fuaireamar ar an gCuideachta is ar a timpeallacht agus muid i mbun an iniúchta, níor thángamar ar aon mhíráiteas ábhartha i dtuarascáil na stiúrthóirí.

Leagann Acht na gCuideachtaí 2014 an dualgas orainn tuairisc a thabhairt daoibh más rud é, inár dtuairim, nach gcomhlíonann an chuideachta ceanglais aon cheann d’ailt 305 go 312 den Acht, a bhaineann le nochtadh luach saothair agus idirbhearta stiúrthóirí.

Níl aon ní le tuairisciú againn i dtaca leis seo.

**TUARASCÁIL NA nINIÚCHÓIRÍ NEAMHSPLEÁCHA DO NA COMHALTAÍ (ar leanúint)**

## Freagrachtaí faoi seach

### *Freagrachtaí na stiúrthóirí as na ráitis airgeadais*

Mar atá mínithe ar bhealach níos iomláine i bhfreagrachtaí na stiúrthóirí atá leagtha amach ar leathanach 6, tá na stiúrthóirí freagrach as ullmhú na ráiteas airgeadais de réir an chreata tuairiscithe airgeadais is infheidhme go dtugann siad léargas fíor cothrom, agus as cibé rialú inmheánach a mheasann siad a bheith riachtanach chun go bhféadfaí na ráitis airgeadais a ullmhú ar dhóigh go mbeidís saor ó aon mhíráiteas ábhartha, bíodh sé mar earráid nó mar chalaois.

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, tá na stiúrthóirí freagrach as cumas na Cuideachta chun leanúint air mar ghnóthas leantach a mheas agus as nithe a bhaineann le gnóthas leantach á nochtadh acu, más infheidhmithe, agus leas á bhaint acu as bonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh mura bhfuil sé in intinn ag bainistíocht na Cuideachta a leachtú nó éirí as gnóthaí, nó mura bhfuil aon rogha réadúil acu ach é sin a dhéanamh.

### *Freagrachtaí na n-iniúchóirí as iniúchadh a dhéanamh ar an ráitis airgeadais*

Tá mar aidhmeanna againn dearbhú réasúnta a fháil faoi cé acu an bhfuil, nó nach bhfuil, na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó aon mhíráiteas ábhartha, bíodh sé mar earráid nó mar chalaois, agus chun tuarascáil iniúchóra a eisiúint a chuimsíonn ár dtuairim. Is dearbhú d’ardchaighdeán é dearbhú réasúnta, ach ní urrús é go n-éireoidh i gcónaí le hiniúchadh a dhéantar faoi réir CII (Éire) mírialtacht ábhartha a aimsiú nuair is ann di. Is féidir le míráitis eascairt as calaois nó as earráid agus meastar iad a bheith ábhartha má cheaptar go réasúnta go bhféadfaidís, ina n-aonar nó ina n-iomláine, tionchar a imirt ar thuairimí eacnamaíochta úsáideoirí a bheadh bunaithe ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

## Faisnéis bhreise ar scóip ár bhfreagrachtaí mar iniúchóirí

Mar chuid d’iniúchadh faoi réir CII (Éire), tarraingímid ar bhreithiúnas gairmiúil agus coinnímid sceipteachas proifisiúnta le linn an iniúchta. Thairis sin:

- Aithnímid agus déanaimid meastóireacht ar na rioscaí a ghabhann le míráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais, bíodh sé mar thoradh ar chalaois nó ar earráid, ar leagan amach nó ar ghnáthaimh fheidhmiúcháin an iniúchta bheith freagrúil do na rioscaí seo, agus fianaise iniúchóireachta a aimsiú atá dóthanach agus cuí chun bheith mar bhonn lenár dtuairim. Is mó an baol nach n-aimseofaí míráiteas a d’eascair as calaois ná ceann a d’eascródh as earráid, cionn is gur féidir le claonpháirtíocht, brionnú, easnamh d’aon ghnó, bréagléiriú nó sárú rialachais inmheánaigh bheith i gceist le calaois.

**TUARASCÁIL NA nINIÚCHÓIRÍ NEAMHSPLEÁCHA DO NA COMHALTAÍ (ar leanúint)**

- Tuiscint a fháil ar an rialachas inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun go bhféadfaí gnáthaimh iniúchóireachta a dhearadh a bheadh oiriúnach do na toscaí ach ní chun críche tuairim a nochtadh faoi éifeacht rialachas inmheánach na Cuideachta.
- Meastóireacht a dhéanamh ar chuibhiúlacht na bpolasaithe cuntasaíochta a úsáideadh agus ar réasúntacht na meastachán cuntasaíochta agus na bhfaisnéisithe gaolmhara a rinne na stiúrthóirí.
- Teacht ar thuairim faoi cé chomh cuí is atá úsáid bhonn cuntasaíochta an ghnó leantaigh ag na stiúrthóirí agus, i bhfianaise na faisnéise iniúchóireachta a fuarthas, faoi cé acu an bhfuil nó nach bhfuil éiginnteacht ábhartha ann a bhaineann le himeachtaí nó le cúinsí, a fhéadfadh amhras suntasach a chaitheamh ar chumas na Cuideachta chun leanúint air mar ghnóthas leantach. Má thagaimid ar an dtuairim gur ann d'éiginnteacht ábhartha tá dualgas orainn i ár dtuarascáil iniúchóra aird a dhíriú ar an nochtadh eolais gaolmhar sna ráitis airgeadais nó, má tá an nochtadh gan a bheith dóthanach, ár dtuairimí a leasú. Tá ár gconclúidí bunaithe ar an bhfianaise iniúchóireachta atá faighte againn suas le dáta ár dtuarascáil iniúchóra. Mar sin féin, d'fhéadfadh imeachtaí nó tosca amach anseo bheith ina gcúis le nach bhféadfadh an Chuideachta leanúint air mar ghnóthas leantach.

- Cur i láthair, struchtúr agus ábhar na ráiteas airgeadais a mheas, ar a n-áirítear na nochtaithe agus faoi cé acu an léiríonn, nó nach léiríonn, na ráitis airgeadais bun-idirbhearta ar shlí a thugann léiriú cothrom.

Tuairiscímid leosan a bhfuil freagracht as rialachas orthu i leith, i measc nithe eile, scóip agus tráthúlacht pleanáilte an iniúchta maille le nithe suntasacha a aimsítear san iniúchadh, ar a n-áirítear aon easpa shuntasach sa rialachas inmheánach ar thángamar uirthi le linn ár n-iniúchta.

## TUARASCÁIL NA nINIÚCHÓIRÍ NEAMHSPLEÁCHA DO NA COMHALTAÍ (ar leanúint)

### Cuspóir ár n-obair iniúchóireacha agus cé do/di a bhfuilimid freagrach

Is do chomhaltaí na Cuideachta amháin, mar chomhlachas, ár dtuarascáil faoi réir alt 391 d'Acht na gCuideachtaí 2014. Thugamar faoi ár n-obair iniúchóireachta le go dtuairisceoimis do chomhaltaí na Cuideachta na nithe úd a bhfuil dualgas orainn a thuairisciú inár dtuairisc iniúchóireachta agus ní ar aon chúis eile. Chomh fada agus is ceadmhach dúinn de réir dlí, ní ghlacaimid ná ní ghabhaimid chugainn féin freagracht as ár n-obair iniúchóireachta, as an tuarascáil seo ná as na tuairimí ar thángamar orthu, i leith duine ar bith eile seachas i leith na Cuideachta agus comhaltaí na Cuideachta mar chomhlachas.

**Thomas Bluett**
**Cuntasóir Cairte**
**Sínithe ar a shon agus thar a cheann:**
**Bluett Byrne**
**Comhlacht Reachtúil Iniúchóireachta**
**52 Plás Shéamais Thoir**
**Baile Átha Cliath D02 R868**

20 Márta 2025

**ÓGRAS**
**(CUIDEACHTA FAOI THEORAINN RÁTHAÍOCHTA GAN SCAIRCHAIPITEAL)**

## CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS

## DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2024

| | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | Ciste Srianta € | Ciste Srianta € |
| Ioncam | 445,680 | 409,913 |
| Caiteachas | (411,606) | (381,265) |
| Farasbarr na bliana | 34,074 | 28,648 |
| Farasbarr ag tús na bliana | 53,776 | 25,128 |
| Farasbarr ag deireadh na bliana | 87,850 | 53,776 |

**ÓGRAS**
**(CUIDEACHTA FAOI THEORAINN RÁTHAÍOCHTA GAN SCAIRCHAIPITEAL)**

## CLÁR COMHARDAITHE AR AN 31 NOLLAIG 2024

| | Nota | 2024 | 2023 |
|---|---|---|---|
| | | € | € |
| **SÓCMHAINNÍ SEASTA** | | | |
| Sócmhainní inláimhsithe | 4 | 18,462 | 21,337 |
| **SÓCMHAINNÍ REATHA** | | | |
| Airgead sa bhanc | | 94,747 | 55,860 |
| **CREIDIÚNAITHE (suimeanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin)** | 5 | (16,409) | (14,471) |
| **GLANSÓCMHAINNÍ REATHA** | | 78,338 | 41,389 |
| **GLANSÓCMHAINNÍ IOMLÁNA** | | 96,800 | 62,726 |
| | | ===== | ===== |
| **COTHROMAS** | | | |
| Cúlchiste caipitiúil | 6 | 8,950 | 8,950 |
| Cuntas Ioncaim agus Caiteachais - srianta | | 87,850 | 53,776 |
| | | 96,800 | 62,726 |
| | | ===== | ===== |

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais i gcomhréir na bhforálacha infheidhme maidir le cuideachtaí ag brath ar an gcóras do chuideachtaí beaga agus i gcomhréir leis an Ráiteas um Thuairisciú Airgeadais 102 - Alt 1A “An Caighdeán um Thuairisciú Ráiteas Airgeadais infheidhme in Éirinn”.

Ar son na stiúrthóirí
**ANITA NIC AMHLAOIDH**
**MICHEÁL Ó CATHÁIN**
Stiúrthóirí
20 Márta 2025

**ÓGRAS**
**(CUIDEACHTA FAOI THEORAINN RÁTHAÍOCHTA AGUS GAN SCAIRCHAIPITEAL)**

## NÓTAÍ AR NA RÁITIS AIRGEADAIS

## DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2024

### 1. POLASAÍ CUNTASAÍOCHTA

Tá oifig chláraithe na cuideachta ag 6 Sráid Fhearchair, Baile Átha Cliath D02 VH98.

Tá an chuideachta faoi theorainn ráthaíochta gan scairchaipiteal, corpraithe in Éirinn, uimhir chláraithe 638154.

Is iad CHY22409 uimhir charthanach na gCoimisinéirí Ioncaim agus 20204025 uimhir an Rialálaí Charthanas.

Is eagraíocht óige náisiúnta í Ógras a chireann seirbhísí óige ar fáil ar fud na hÉireann.

Tá na ráitis airgeadais curtha i láthair in euro (€) agus is é sin freisin airgeadra feidhmiúil na cuideachta.

**Gnás Cuntasaíochta**

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar bhonn gnóthais leantaigh agus faoi réir caighdeán chuntasaíochta a bhfuil gnáth-ghlacadh leo in Éirinn agus faoi reachtaíocht na hÉireann, Acht na gCuideachtaí 2014 agus an tAcht Carthanas 2009 san áireamh agus faoi réir an Ráiteas Carthanais ar Chleachtas Molta agus faoi réir an Chaighdeáin um Thuairisciú Airgeadais (FRS 102 - Alt 1A) eisithe ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais.

Tá an chuideachta tar éis an Ráiteas Carthanais ar Chleachtas Molta a chur i bhfeidhm ar bhonn deonach toisc nach riachtanas é a cur i bhfeidhm de réir na rialachán reatha do charthanas atá cláraithe in Éirinn.

**Dímheas Sócmhainní Seasta**

Soláthraítear dímheas ar na sócmhainní seasta go léir ag rátaí atá measta chun costas na sócmhainní, lúide luach iarmharach measta, a dhíscríobh thar an tréimhse a mbíonn siad inúsáidte ar mhodh na líne dírí mar a leanas:

| | |
|---|---|
| Oifig Réamhdhéanta | 10% per annum |
| Trealamh Oifige | 33 1/3% per annum |

## NÓTAÍ AR NA RÁITIS AIRGEADAIS

## DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2024
**(ar leanúint)**

### 2. FOSTAITHE

| | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| Is é líon míosúil na ndaoine a fostaíodh le linn ma bliana mar a leanas: | 29 | 5 |
| | = | = |

Thit leas fostaí sa bhanda €70,000 go €80,000 i gcás fostaí amháin.

Gníomhaíonn na stiúrthóirí go léir ar bhonn deonach.

### 3. FARASBARR OIBRIÚCHÁIN AR GHNÁTHGHNÍOMHAÍOCHTAÍ ROIMH CHÁIN

| | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| Deontais: | € | € |
| An Roinn Leanaí, Comhionannas, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige – Scéim Deontas na Seirbhísí Óige via Pobal – Tréimhse 1 Eanáir 2024 - 31 Nollaig 2024 | 240,613 | 229,155 |
| An Roinn Leanaí, Comhionannas, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige – Clár Aeráide Óige 2024 – Tréimhse 8 Aibreán 2024 - 31 Nollaig 2024 | 25,880 | 14,405 |
| - Scéim Deontas Caipiteal Óige | - | 18,717 |
| : Léargas – Clár Erasmus - Tréimhse 5 Iúil 2024 - 4 Feabhra 2025 | 37,372 | - |
| : An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán | 757 | 1,000 |
| : Foras na Gaeilge | 71,723 | 68,172 |
| : Boird Oideachais agus Oiliúna | 9,377 | 7,555 |
| Bord Seirbhísí Óige Chathair Bhaile Átha Cliath | 2,850 | 3,000 |
| Muirear – Dímheas | (2,875) | (3,381) |

## 4. SÓCMHAINNÍ SEASTA

| | Oifig Réamhdhéanta | Trealamh Oifige | Iomlán |
|---|---|---|---|
| **Costas** | **€** | **€** | **€** |
| Ag an 1 Eanáir agus ag an 31 Nollaig | 28,705 | 1,522 | 30,227 |
| | ===== | ==== | ===== |
| **Dímheas** | | | |
| Ag an 1 Eanáir | 7,368 | 1,522 | 8,890 |
| Muirear na bliana | 2,875 | - | 2,875 |
| Ag an 31 Nollaig | 10,243 | 1,522 | 11,765 |
| | ===== | ==== | ===== |
| **Glanmhéid** | | | |
| 31 Nollaig 2024 | 18,462 | - | 18,462 |
| | ===== | ==== | ===== |
| 31 Nollaig 2023 | 21,337 | - | 21,337 |
| | ===== | ==== | ===== |

## 5. CREIDIÚNAITHE

| | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Cáin Fostaíochta | 4,447 | 3,262 |
| Ranníocaíochtaí Pinsean | 2,128 | 2,266 |
| Costais agus Fabhruithe | 1,872 | 1,530 |
| Cárta Creidmheasa | 1,486 | 956 |
| Iniúchadh, Cuntasaíocht | 6,476 | 6,457 |
| | 16,409 | 14,471 |
| | ===== | ===== |

## 6. CÚLCHISTE CAIPITIÚIL

Tá an Cúlchiste Caipitiúil comhdhéanta de ghlansócmhainní na heagraíochta neamhchorpraithe "Ógras" ar tháinig an chuideachta mar chomharba uirthi.

## 7. CÁIN AR THORTHAÍ

Tá stádas carthanúil faighte ag an gcuideachta ó na Coimisinéirí Ioncaim a thugann faoiseamh ó cháin i leith ioncaim nó ghnócháin chaipitiúla a úsáidtear agus atá inúsáidte chun críche aidhmeanna carthanúla amháin..

## 8. STÁDAS NA CUIDEACHTA

Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta gan scairchaipiteal is ea an chuideachta. Tá ráthaíocht na gcomhaltaí teoranta go €1 an chomhalta a leanann ar feadh bliana amháin tar éis deiridh le comhaltas aonair.

## 9. SEIRBHÍSÍ CURTHA AR FÁIL AG INIÚCHÓIRÍ NEAMHSPLEÁCHA

Dála a lán gnóthas eile ar chóimhéid agus den chineál céanna, cuidíonn ár n-iniúchóirí linn na ráitis airgeadais a ullmhú, tuairisceáin bhliantúla a ullmhú agus a chur faoi bhráid na hOifige um Chlárú Cuideachtaí agus tuairisceáin a ullmhú agus a chur faoi bhráid na n-údarás cánach.

## 10. IDIRBHEARTA PÁIRTITHE GAOLMHARA

Ní raibh idirbhearta páirtithe gaolmhara.

## 11. ÚINÉIRÍ SOCHAIR TAIRBHEACHA

Ós rud é go bhfuil an chuideachta faoi theorainn ráthaíochta agus nach bhfuil scairchaipiteal aici níl aon úinéir tairbhiúil deiridh aici.

## 12. FAOMHADH NA RÁITIS AIRGEADAIS

Ar an 20 Márta 2025 d’fhaomh na stiúrthóirí na ráitis airgeadais agus d’údaraigh siad go n-eiseofaí iad.

**ÓGRAS**
**(CUIDEACHTA FAOI THEORAINN RÁTHAÍOCHTA GAN SCAIRCHAIPITEAL)**

## CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS

## DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2024

| | 2024<br>€<br>Ciste Srianta | 2023<br>€<br>Ciste Srianta |
|---|---|---|
| Deontais: An Roinn Leanaí, Comhionannas, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige | | |
| – Scéim Deontas na Seirbhísí Óige via Pobal | | |
| – Tréimhse 1 Eanáir 2024 - 31 Nollaig 2024 | 240,613 | 229,155 |
| An Roinn Leanaí, Comhionannas, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige | | |
| – Clár Aeráide Óige 2024 | | |
| – Tréimhse 8 Aibreán 2024 - 31 Nollaig 2024 | 25,880 | 14,405 |
| - Scéim Deontas Caipiteal Óige | - | 18,717 |
| | 266,493 | 262,277 |
| : Léargas – Clár Erasmus | | |
| - Tréimhse 5 Iuil 2024 - 4 Feabhra 2025 | 37,372 | - |
| : An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán | 757 | 1,000 |
| : Foras na Gaeilge | 71,723 | 68,172 |
| : Boird Oideachais agus Oiliúna | 9,377 | 7,555 |
| | 385,722 | 339,004 |
| Bord Seirbhísí Óige Cathair Bhaile Átha Cliath | 2,850 | 3,000 |
| Baile Átha Cliath le Gaeilge | 10,000 | - |
| Gníomhaíochtaí agus Imeachtaí | 17,263 | 39,077 |
| Ballraíocht | 12,050 | 10,629 |
| Campaí | 15,997 | 16,827 |
| Seachtain na Gaeilge – Ciste spreagtha | 1,600 | 1,356 |
| Gaeilge ABC - miondeontas | 198 | - |
| Táillí Réamhscrúdú | - | 20 |
| **Ioncam** | 445,680 | 409,913 |
| **Caiteachas** | (411,606) | (381,265) |
| **Farasbarr na bliana** | 34,074 | 28,648 |
| | ===== | ===== |

**ÓGRAS**
**(CUIDEACHTA FAOI THEORAINN RÁTHAÍOCHTA GAN SCAIRCHAIPITEAL)**

## MIONCHUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS

## DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2024

| | 2024 € Ciste Srianta | 2023 € Ciste Srianta |
|---|---|---|
| **CAITEACHAS** | | |
| Cíos | 1,381 | 757 |
| Árachas | 10,815 | 10,246 |
| Tuarastail agus Scéim Pinsin | 211,048 | 206,934 |
| Ábhair Oifige | 378 | - |
| Liúntas Oibre ó Bhaile | 3,181 | 3,420 |
| Costais Foirne | 10,669 | 15,172 |
| Oiliúint Foirne | 1,301 | 60 |
| Trealamh Club | 299 | 5,749 |
| Campaí Lae | 17,798 | 32,486 |
| Idirnáisiúnta -Erasmus – Generator Dublin | 20,340 | - |
| Gníomhaíochtaí agus Imeachtaí | 81,287 | 45,057 |
| Clódóireacht, Dearadh | 159 | 1,180 |
| Teileafón, Postas | 2,340 | 1,665 |
| Teicneolaíocht | 3,533 | 10,648 |
| Iniúchadh, Cuntasaíocht | 7,420 | 6,847 |
| Táillí Ballraíochta | 980 | 980 |
| Táillí Gairmiúla | 3,863 | 2,229 |
| Táillí Bainc | 2,270 | 2,208 |
| Fógraíocht agus Bolscaireacht | 953 | 1,095 |
| Costais Dheonacha | 28,626 | 20,512 |
| Earcú Foirne | 90 | 180 |
| Leictreachas | - | (304) |
| Trealamh | - | 10,663 |
| Ilnithe | - | 100 |
| Dímheas: Oifig Réamhdhéanta | 2,875 | 2,875 |
| Trealamh Oifige | - | 506 |
| | 411,606 | 381,265 |
| | ====== | ====== |

**ÓGRAS**
**(CUIDEACHTA FAOI THEORAINN RÁTHAÍOCHTA GAN SCAIRCHAIPITEAL)**

**SCÉIM DHEONTAIS NA SEIRBHÍSE ÓIGE**

**DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2024**

| | **2024** | **2023** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| | **Ciste Srianta** | **Ciste Srianta** |
| **Deontais:** | | |
| An Roinn Leanaí, Comhionannas, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige via Pobal - - Scéim Dheontais na Seirbhíse Óige | 240,613 | 229,155 |
| | ====== | ====== |
| **Caiteachas:** | | |
| Cíos, Rátaí | 766 | 517 |
| Árachas | 5,408 | 4,500 |
| Tuarastail | 191,344 | 201,847 |
| Liúntas Obair sa Bhaile | 3,169 | - |
| Taisteal agus Liúntas Cothaithe na Foirne | 10,669 | 9,490 |
| Oiliúint Foirne | 587 | 100 |
| Trealamh Club | 82 | - |
| Earcú Foirne | 90 | 180 |
| Gníomhaíochtaí agus Imeachtaí | 9,857 | 3,315 |
| Riarachán | 1,910 | 1,384 |
| Ábhar Oifige | 379 | - |
| Costas Faisnéis Teicneolaíochta | 1,703 | 515 |
| Táillí Iniúchóireachta agus Cuntasaíochta | 7,420 | 4,244 |
| Táillí Ballraíochta | 980 | 980 |
| Táillí Gairmiúla | 1,509 | 1,878 |
| Táillí Bainc | 2,270 | 509 |
| Bolscaireacht | 591 | - |
| Costais Dheonacha | 1,879 | - |
| Leictreachas, Teas | - | (304) |
| | 240,613 | 229,155 |
| | ====== | ====== |